



Curaclam
Thuaisceart Éireann

Seicliosta: Scríbhneoireacht





Do theachtairacht a dhéanamh soiléir

- Bí cinnte faoin teachtaireacht atá agat agus faoi cé dó a bhfuil tú ag scríobh.
- Smaoinigh ar an dóigh is fearr le do theachtairacht a leagan amach, mar shampla, úsáid a bhaint as ailt, as pointí le hurchair nó as íomhánna.
- Bain triail as ceannlitreacha, cló trom, cló iodálach nó folíneáil le béim a chur ar phointí tábhachtacha ach ná bain barraíocht úsáide astu.
- Socraigh ar cheart duit do theachtairacht ghinearálta a thabhairt ag an tús – ní bheadh sin fóirsteanach dá mba mhian leat do theachtairacht a nochtadh de réir a chéile.
- Bain úsáid as abairt topaice i ngach cuid den téacs agus cuir sonraí breise ina diaidh nó thart uirthi.
- Bain úsáid as foclóir agus stórchiste le chéile leis na focail is fearr a roghnú le do theachtairacht a chur in iúl.
- Roghnaigh focail atá fóirsteanach don lucht léitheoireachta. Mar shampla, má tá teachtaireacht faoi shábháilteacht ar líne dírithe ar pháistí óga, bainfear úsáid as teanga atá níos simplí agus as abairtí níos gairide ná mar a bheadh in úsáid i dteachtairacht den chineál chéanna ag díriú ar dhaoine fásta.
- Bain úsáid as samplaí le do theachtairacht a dhéanamh soiléir má mheasann tú gur cheart sin.
- Agus tú ag cur do smaointe i bhfocail, bain úsáid as frásaí atá ag cur go soiléir le do dhearcadh, mar shampla 'Is léir go ...', 'Ní féidir a shéanadh go ...' agus 'Creidim go diongbháilte go ...'
- Iarr ar chara aiseolas a thabhairt duit maidir le cé chomh soiléir agus atá do theachtairacht.
- I ndeireadh do chuid scríbhneoireachta, déan achoimre ar do theachtairacht ghinearálta, ag críochnú le buafhocal.

Scríbhneoireacht a chur in oiriúint don chuspóir agus don lucht léitheoireachta

- Bí iontach soiléir faoi chuspóir do chuid scríbhneoireachta agus faoin spriocluacht léitheoireachta.
- Smaoinigh ar fhoirmiúlacht an phíosa scríbhneoireachta, ag brath ar an chuspóir agus ar an lucht léitheoireachta.
- Smaoinigh faoi fhad do chuid scríbhneoireachta.
- Smaoinigh faoi leagan amach do chuid scríbhneoireachta, leathanach gréasáin mar shampla, léaráid nó bileog eolais.
- Roghnaigh ton cuí don chuspóir agus don lucht léitheoireachta, mar shampla ton éadrom faoi choinne scéal nuachta atá siamsúil, ton criticiúil faoi choinne léirmheas scannáin, nó ton oibiachtúil faoi choinne ailt neamhchlaonta sna meáin.
- Más cuí, leag amach eolas i bhformáid nach ailt iad, mar shampla pointí le hurchair, táblaí nó léaráidí.
- Úsáid foclóir nó stórchiste leis an fhocal chúí chruinn atá de dhíth ort a aimsiú.
- Má bhíonn eolas de dhíth ar do lucht léitheoireachta, tabhair fíricí agus míniúcháin.
- Má bhíonn cur síos de dhíth ar do lucht léitheoireachta, úsáid aidiachtaí, dobhriathra agus teanga amhairc a chruthóidh pictiúr dóibh.
- Más maith leat go ndéanfaidh do lucht léitheoireachta dianmhachnamh ar shaincheist, tabhair dearcthaí éagsúla dóibh.
- Más maith leat barúil a chur ina luí ar do lucht léitheoireachta, úsáid teicnící chun iad a mhealladh, mar shampla athrá nó ceisteanna reitriciúla.
- Is féidir comharthaí uailbhreasa a úsáid chun béim a chur ar phointí tábhachtacha, ach ná bain barraíocht úsáide astu.



Pleanáil

- Smaoinigh ar chuspóir do chuid scríbhneoireachta. Cad é an sprioc atá taobh thiar dó?
- Smaoinigh ar an lucht léitheoireachta. Cé a bheidh á léamh?
- Smaoinigh ar stíl do chuid scríbhneoireachta, mar shampla scéal, dán, tuairisc nó leathanach baile gréasáin.
- Smaoinigh ar thon do chuid scríbhneoireachta. Mar shampla ar cheart go mbeidh sí dáiríre, spreagúil, greannmhar nó criticiúil?
- Déan nóta de do chuid smaointe uilig.
- Eagraigh do chuid nótaí mar a oireann duit féin, mar shampla bain úsáid as pointí le hurchair, tábla, nó damhánleáráid.
- Leag amach an struchtúr – tús simplí, lár agus críoch. Ansin déan iad sin a fhorbairt.
- Déan achoimre i mbeagán eochairfhocal ar an phríomhphointe nó na príomhsmaointe i ngach alt nó mír.
- Má bhíonn tú ag cur tuairim ar leith chun tosaigh, smaoinigh ar ionsaithe in éadan d'argóinte arbh fhéidir a bheith ag súil leo, agus ullmhaigh an dóigh le do chuid tuairimí a chosaint.
- Déan tástáil le socrú ar an ord is fearr le do chuid smaointe a úsáid.
- Nuair atá socrú déanta agat faoin ord ina mbeidh do chuid smaointe, cuir uimhir taobh le gach pointe.
- Smaoinigh ar phointe tosaigh le haird do lucht léitheoireachta a tharraingt, agus pointe láidir ag deireadh do chuid scríbhneoireachta a mhairfidh ina gcuimhne.

Dóigheanna leis an léitheoir a mhealladh

- Bí soiléir faoi aidhm do chuid scríbhneoireachta agus faoin lucht léitheoireachta.
- Léigh samplaí den chineál scríbhneoireachta a bheidh á scríobh agat. (mar shampla ailt nuachtáin nó gearrscéalta).
- Má bhíonn tú ag scríobh go cruthaitheach, ná bíodh leisce ort do stíl pearsanta féin a úsáid.
- Smaoinigh ar chéadlíne do chuid scríbhneoireachta a spreagfaidh do lucht léitheoireachta leanúint ar aghaidh ag léamh.
- Bain úsáid as abairtí fada agus abairtí gairide le do chuid scríbhneoireachta a dhéanamh níos suimiúla.
- Roghnaigh do stór focal go cúramach, ag úsáid éagsúlacht focal suimiúil le hathrá a sheachaint.
- Cuir pointí suimiúla ag an tús, sa lár agus ag deireadh do chuid scríbhneoireachta le suim do lucht léitheoireachta a choinneáil.
- Ullmhaigh ábhar agus foclaíocht do chuid scríbhneoireachta sa dóigh is nach féidir dearmad a dhéanamh di agus go bhfanfaidh sí in intinn do lucht léitheoireachta.
- Má oireann sé don phíosa scríbhneoireachta, tig leat rogha a dhéanamh orthu seo a leanas:
 - ceistanna reitriciúla a úsáid le do lucht léitheoireachta a spreagadh chun machnaimh;
 - úsáid a bhaint as na focail ‘tú’ agus ‘muid’ le caidreamh pearsanta a bhunú leis an lucht léitheoireachta;
 - samplaí a thabhairt leis na pointí a léiriú, ag cinntiú go roghnaíonn tú samplaí a thuigfidh an lucht léitheoireachta; agus/nó
 - úsáid a bhaint as teanga amhairc (focail agus frásaí a chuidíonn leis an lucht léitheoireachta an rud atá faoi chaibidil agat a fheiceáil).

Dréachtú

- Bí soiléir faoi chuspóir an dréachta. Mura bhfuil tú cinnte, cuir ceist ar do mhúinteoir.
- Bain úsáid as aiseolas ó do mhúinteoirí agus ó do pháirtithe ranga chun feabhas a chur ar do chuid oibre.
- Glac leis gur féidir leis an phróiseas dréachtaithe cuma mhíshlachtmhar a chur ar do chuid oibre ar dtús.
- Cuimhnigh air seo: ní bhaineann dréachtú le dréacht níos néata den rud céanna a chur ar fáil – ba chóir duit iarracht a dhéanamh struchtúr agus ábhar na hoibre a fheabhsú chomh maith.
- Agus tú ag léamh do chuid oibre ar fad, cuir ponc nó réiltín san imeall taobh le rud ar bith nach dóigh leat a bheith ceart.
- Seiceáil bunphoncaíocht. Má tá sé mícheart ní bheidh an léitheoir in ann an méid atá scríofa agat a thuiscint.
- Déan iarracht feabhas a chur ar do chuid oibre trí réimse poncaíochta d'fheidhmeanna éagsúla a úsáid. Mar shampla, camóga chun frásaí a scaradh, comharthaí uaillbhreasa chun béim a léiriú, agus trí phonc (poncanna focalbhá) chun sos a léiriú nó mistéir a chruthú.
- Bain úsáid as foclóir chun an litriú a sheiceáil.
- Bain úsáid as stórchiste agus foclóir le chéile nuair atá tú sa tóir ar fhocal níos fearr.
- Marcáil na leasuithe le dathanna eile.
- Bain úsáid as saigheada agus uimhreacha i ndathanna eile le taispeáint an dóigh is mian leat ailt nó rannóga a shocrú in ord eile.
- Más mian leat úsáid a bhaint as TFC agus cúpla dréacht a bheith ann, socraigh fillteán ar a bhfuil 'cartlann' agus 'an dréacht is déanaí' orthu agus bíodh uimhir nó dáta agat ar gach leagan.
- Glac leis go bhfuil sé níos fearr uaireanta, tosú as an úr.